C/2025/6704

15.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12181 — SKODA TRANSPORTATION / TATA AUTOCOMP / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6704)

1. An 2 Nollaig 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Škoda Transportation a.s. ('Skoda Transportation'), trína fhochuideachta, Roll Stock Components s.r.o. ('RSC CZ'), an tSeicia, faoi rialú deiridh PPF Group,

— TATA AutoComp System Limited ('Tata AutoComp'), an India, faoi rialú deiridh Tata Group,

— Comhfhiontar nuachruthaithe ('Rolling Stock Components India Private Limited' nó an 'Sprioc-chomhfhiontar'), an India.

Gheobhaidh Skoda Transportation agus Tata AutoComp rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Rolling Stock Components India Private Limited.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is monaróir feithiclí iompair phoiblí é Škoda Transportation, trína fhochuideachta RSC CZ, atá faoi úinéireacht phríobháideach agus nach bhfuil ag gabháil d'aon ghníomhaíocht ghnó faoi láthair, atá gníomhach i bPoblacht na Seice, sna Tíortha Baltacha, san Ungáir, sa Ghearmáin, sa Pholainn, sa tSlóvaic agus san Fhionlainn, arb é a phríomhghníomhaíocht tramanna urláir ísil, innill féinghluaiste leictreacha, traenacha meitreo, aonaid traenach fho-uirbeacha, busanna tralaí, agus busanna leictreacha a tháirgeadh agus a sholáthar, chomh maith le mótair tarraingthe agus gléasraí cumhachta leictreacha iomlána le haghaidh feithiclí laistigh de na córais iompair phoiblí,

— Is cuideachta é Tata AutoComp atá lonnaithe san India agus a sholáthraíonn táirgí agus seirbhísí do OEManna mótarfheithiclí Indiacha agus domhanda chomh maith le soláthróirí Leibhéal 1. Tá a chumais féin ag Tata AutoComp in earnálacha na gcomhpháirteanna plaisteacha inmheánacha agus seachtracha mótarfheithiclí, na n-ábhar comhchodach, na stampán leathán miotail, chomh maith leis an innealtóireacht agus an slabhra soláthair.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó an Sprioc-chomhfhiontair leictreonaic chumhachta a tháirgeadh le haghaidh rothstoic do mhargadh na hIndia.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12181 — SKODA TRANSPORTATION / TATA AUTOCOMP / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË